# Central Statistics Office
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002
## Imleabhar 12 – Creideamh

**Méadú mór ar lucht leanúna Ioslaim agus an Cheartchreidimh**

Tháing méadú mór ar lucht leanúna Ioslaim agus an Cheartchreidimh idir na daonáirimh a tógadh sna blianta 1991 agus 2002 – tháinig méadú breis agus ceithre huaire ar an gcéad cheann go dtí 19,000 agus mhéadaigh an ceann deiridh ó níos lú ná 400 daoine sa bhliain 1991 go dtí sa bhreis ar 10,000 sa bhliain 2002. Bhí tionchar an-mhór ag an inimirce ar na méaduithe seo, neamh-náisiúnaigh Éireannacha a bhí i 70% de na hIoslamaigh agus sa bhreis ar 85% de lucht leanúna an Cheartchreidimh a raibh gnáthchónaí orthu sa Stát agus a bhí i láthair oíche an Daonáirimh.

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2002, Imleabhar 12 – Creideamh, a thugann tuilleadh mion-torthaí ón daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tá na figiúirí deireanacha daonra ar fáil sa tuairisc seo rangaithe de réir creidimh do na ceantair-ranna éagsúla sa tír (féach nóta an Eagarthóra).

**Iompú ar an meath fadtréimhseach ar Eaglais na hÉireann**

Bhí méaduithe móra ar líon na ndaoine a bhain le hEaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh), agus leis na creidimh Phreispitéireacha agus Meitidisteacha idir na blianta 1991 agus 2002 – iompú ar an meath fadtréimhseach a bhí ar thaifead do na creidimh sin sna tréimhsí deich mbliana roimhe sin. Bhí meán-mhéadú bliantúil ar lucht leanúna Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) de 2.4% idir na blianta 1991 agus 2002 i gcomparáid le 1% don daonra ina iomlán. B’iad 4.1% agus 6.5%, faoi seach, na méaduithe bliantúla a bhain leis na creidimh Phreispitéireach agus Meitidisteach. Bhí tionchar mór ag inimirce le deireanas ar an athrú seo le duine as gach ceathrar de lucht leanúna na gcreideamh sin lena chéile ina neamh-náisiúnach Éireannach sa bhliain 2002.

**Titim i sciar na gCaitliceach Rómánach**

Tháinig ardú ar líon na ndaoine a cuireadh san áireamh mar Chaitlicigh Rómánacha, ardú de 234,300 (7.3%), ó 3,228,300 sa bhliain 1991 go 3,462,600 sa bhliain 2002. Ach, nuair a chuirtear an méadú de 11.1% sa daonra iomlán ó 1991 san áireamh thit sciar na gCaitliceach Rómánach i ndáiríre sa daonra ó 91.6% go dtí 88.4% sa tréimhse chuí.

Bhí difríocht i gcéatadán na gCaitliceach Rómánach i measc an daonra le gnáthchónaí ó 93% do Náisiúnaigh Éireannacha go dtí 43% do neamh-Náisiúnaigh Éireannacha. Beagán sa bhreis ar leath de na náisiúnaigh den RA a bhí ina gCaitlicigh Rómánacha i gcomparáid le duine as gach cúigear as an Aise.

**Breis agus a dhá oiread daoine gan aon chreideamh**

Tháinig ardú ó 66,000 sa bhliain 1991 go dtí 138,000 sa bhliain 2002 ar líon na ndaoine a dúirt nach raibh aon chreideamh acu. Bhí beagnach a leath díobh siúd gan aon chreideamh san aoisghrúpa idir 20 agus 39 bliana d’aois agus 60% díobh sin ina bhfir.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**An céatadán is airde Caitlicigh Rómánacha i mBun Cranncha**

Bhí an céatadán b'airde Caitlicigh Rómánacha i mBun Crannach (94.3%) de réir torthaí daonáirimh 2002. Ina dhiaidh sin a tháing Béal an Átha (94.1%) agus Carraig na Siúire (93.8%).

Ba sna Clocha Liatha (11.3%) a bhí an céatadán b'airde den lucht leanúna ag Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) agus Cill Mhantáin (4.8%) agus Droichead na Bandan (4.7%) ina dhiaidh sin.

**Próifíl aoise níos sine ag pobal Eaglais na hÉireann**

B'ionann sean daoine (daoine a bhí 65 bliana d'aois agus níos sine) agus 15% de lucht leanúna Eaglais na hÉireann (Protastúnaigh san áireamh) i gcomparáid le 11% den daonra iomlán. Sean daoine a bhí i 1% den phobal Ioslamach a raibh gnáthchónaí sa Stát orthu. Ar an taobh eile den scála aoise bhí an céatadán b'airde de dhaoine óga ag an bpobal Ioslamach (28%) (i.e. iad siúd san aoisghrúpa idir 0-14 bliana) agus an céatadán ba lú ag an gcreideamh Preispitéireach (15%). Duine óg a bhí i nduine as gach cúigear den daonra sa bhliain 2002.

**An líon is mó póstaí briste suas ina measc siúd nár luaigh aon chreideamh**

De réir torthaí daonáirimh 2002 bhí tuairim agus duine i ngach cúigear a bhí pósta riamh (gan baintreacha a bheith san áireamh) agus a bhí 5 bliana déag d'aois agus nár luaigh aon chreideamh scartha nó colscartha. B'iad 5% agus 8%, faoi seach, na figiúirí sin a bhain le lucht leanúna an Ioslaim agus le Caitlicigh Rómánacha – faoin meán ráta náisiúnta de 8.4%.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Déimeagrafacha*, a foilsíodh ar an 19 Meitheamh 2003, ag leibhéal Stáit de na sonraí atá ar fáil in Imleabhair 1 - 4, 8, 11 agus 12 de na mion-thuairiscí daonáirimh. Tá figiúirí ar fáil san fhoilseachán atá curtha ar fáil inniu, Imleabhar 12, a bhaineann le creideamh ag leibhéal níos sonraithe geografaíochta.

Tá gach tábla foilsithe ó Dhaonáireamh 2002 ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie).

**Tá cóipeanna den fhoilseachán ar fáil ó:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, An Rannóg Faisnéise, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh

nó

An Oifig Dhíolta Foilseachán Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.00

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil ó shuíomh idirlín na POS (féach thíos).

**Déan teagmháil leo seo a leanas le tuilleadh eolais a fháil:**

An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6.

| | |
|---|---|
| Fiosrúcháin daonáirimh: | (01) 498 4000 fo-líne 4284-4288. |
| Facs: | (01) 498 4268 |
| Ríomh-phost: | census@cso.ie |
| Idirlíon: | http://www.cso.ie |

*An Phríomh-Oifig Staidrimh* *08 Aibreán 2004*

**– CRíOCH–**